C/2025/5152

28.10.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

An tábhacht atá le hidirphlé sibhialta agus sóisialta a institiúidiú i dtíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus i dtíortha comhpháirtíochta

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/5152)

Rapóirtéirí: **Decebal-Ștefăniță PADURE**
Dumitru FORNEA
Ionuț SIBIAN

Comhairleoirí	Mircea MITRUȚIU (comhairleoir an rapóirtéara, Grúpa I) Igor ZUBCU (comhairleoir an rapóirtéara, Grúpa II) Simona CONSTANTINESCU (comhairleoir an rapóirtéara, Grúpa III)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	23.1.2025
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	12.6.2025
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	17.7.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	598
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	187/0/2

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Tá sochaí shibhialta atá neamhspleách agus bríomhar ríthábhachtach don daonlathas, chun cearta agus saoirsí bunúsacha a chosaint agus chun gluaiseachtaí antoisceacha atá ag dul i neart agus a chaitheann amhras ar luachanna an Aontais a chomhrac. Gníomhaíonn an tsochaí shibhialta eagraithe, atá bunaithe ar luachanna daonlathacha, ar mhaithe le leas an phobail trí idirghabháil a dhéanamh idir na húdaráis agus saoránaigh, trí ghuthanna éagsúla a neartú, lena n-áirítear guthanna na ngrúpaí leochaileacha. Cuireann sí ardán ar fáil don ghníomhaíochas síochánta, don abhcóideacht agus do chosaint na gceart, rud a neartaíonn rannpháirtíocht dhaonlathach agus cuntasacht.

1.2. Bunaithe ar raon feidhme na dtograí ó CESE roimhe seo maidir leis an idirphlé sibhialta ([1]) agus an t-idirphlé sóisialta ([2]), athdhearbhaíonn CESE a thábhachtaí atá sé an t-idirphlé sibhialta agus sóisialta a institiúidiú freisin i dtíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus i dtíortha comhpháirtíochta ([3]), agus na cuspóirí sonracha seo a leanas a bheith ag baint leis sin:

— Creat reachtach cuimsitheach cumasúcháin a bheith ann lena n-áiritheofar rannpháirtíocht éifeachtach eagraíochtaí sochaí sibhialta (ESSanna), comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile i gceapadh, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht na hoibre reachtaí agus beartais. Ba cheart an creat sin a bheith i gcomhréir le caighdeáin an Aontais ó thaobh cuimsitheachta, trédhearcachta agus cuntasachta de agus é ailínithe leis na caighdeáin sin arna mbunú ag na Náisiúin Aontaithe, go háirithe faoi chuimsiú Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16.

([1]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An t-idirphlé sibhialta agus an daonlathas rannpháirtíochta san Aontas a neartú: conair chun tosaigh (tústuairim arna hiarraidh d'Uachtaránacht na Beilge) (IO C, C/2024/2481, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2481/oj).

([2]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach (COM(2023) 38 final — 2023/0012 (NLE)) agus maidir le Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún An t-idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach: leas a bhaint as a chumas iomlán chun aistrithe córa a bhainistiú (COM(2023) 40 final) (IO C 228, 29.6.2023, lch. 87).

([3]) Is éard atá i gceist le 'tír chomhpháirtíochta' Stát ar bith a dhéanann Comhaontú Comhpháirtíochta leis an Aontas Eorpach. Tá liosta na dtíortha ar fáil ag: Tíortha — an Coimisiún Eorpach: https://international-partnerships.ec.europa.eu/countries_en.

— Leagan amach institiúideach an idirphlé shibhialta agus shóisialta sna tíortha is iarrthóirí a chur i gcomhréir leis na prionsabail, na caighdeáin agus na dea-chleachtais san Aontas Eorpach agus an rud céanna a chur chun cinn sna tíortha comhpháirtíochta faoi threoir Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Ba cheart an t-idirphlé sibhialta agus sóisialta araon tairbhe a bhaint as acmhainní leordhóthanacha agus creataí rialála náisiúnta lena ráthófaí a bhfeidhmiú éifeachtach agus a gcóineasú chun idirphlé buan idir an stát agus an tsochaí a áirithiú.

— Idirphlé trípháirteach barántúil struchtúrtha a chur chun cinn idir rialtais, ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí chun an comhar a chothú i bpríomhréimsí amhail fostaíocht, cearta saothair, an chómhargáil, forbairt réigiúnach, oideachas agus straitéisí um aistriú cóir.

— Cumas ESSanna agus comhpháirtithe sóisialta a neartú chun páirt éifeachtach a ghlacadh, ar an leibhéal céanna, san idirphlé sibhialta agus sóisialta, trí bhíthin tacaíocht airgeadais thiomnaithe, oiliúint, comhpháirtíochtaí institiúideacha agus cúnamh oibríochtúil ach gan dochar a dhéanamh dá neamhspleáchas ar an rialtas.

— Malartú dea-chleachtas agus fios gnó ó Bhallstáit an Aontais a spreagadh, trí bhíthin comhar struchtúrtha, cláir phiarfhoghlama, cúnamh teicniúil agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha.

— Rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe i gcreataí comhair arna gcistiú ag an Aontas a leathnú le go bhféadfar tacú leis an rialachas rannpháirteach.

1.3. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, molann CESE na réamhghníomhaíochtaí nithiúla seo a leanas:

— Ina gcaidreamh le tíortha is iarrthóirí agus stáit chomhpháirtíochta, féadfaidh institiúidí ábhartha an Aontais Eorpaigh an tábhacht a bhaineann le ról na sochaí sibhialta eagraithe sna próisis chaibidlíochta, agus í a bheith rannpháirteach go héifeachtach, a chur chun cinn ar bhealach trédhearcach agus cuimsitheach. Ar an gcaoi sin neartófar freisin an ról atá ag Comhchoistí Comhairliúcháin, Ardáin Sochaí Sibhialta nó Grúpaí Comhairleacha Baile, ar cuid de struchtúir chomhairleacha na sochaí sibhialta iad a oibríonn ar bhonn comhaontuithe comhlachais nó conarthaí trádála de chuid an Aontais le stáit chomharsanachta éagsúla nó le réigiúin eile ar domhan.

— Próiseas faireacháin a cheapadh lena gcuirfí ar a chumas do CESE agus geallsealbhóirí ábhartha eile na sochaí sibhialta maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an idirphlé institiúidigh shibhialta agus shóisialta le linn thimthriall iomlán an cheaptha beartas rialála agus poiblí, agus moltaí a eisiúint i gcás inar gá.

— Coinníollacht an idirphlé shibhialta agus shóisialta a chomhtháthú i gcaibidlíocht aontachais agus i gcláir chomhair an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le hAirteagail 151 go 155 CFAE maidir le beartas sóisialta agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara a chomhlíonadh.

— Ardáin náisiúnta chuimsitheacha bhuana a chruthú le haghaidh an idirphlé idir rialtais, ESSanna agus comhpháirtithe sóisialta. D'fhéadfadh na hardáin sin feidhmiú mar fhóraim institiúidithe le haghaidh díospóireacht bheartais agus comhchruthú reachtach, agus iad bunaithe ar shamhail CESE.

— Cláir chistiúcháin spriocdhírithe de chuid an Aontais a chur chun feidhme chun tacú le forbairt agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach ESSanna neamhspleácha agus struchtúr comhpháirtithe sóisialta, rud a fhágfaidh go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach ar bhealach gníomhach agus cothrom sa bheartas poiblí agus i bpróisis an lánpháirtithe san Aontas.

— Ní mór d'institiúidí an Aontais Eorpaigh agus d'eagraíochtaí sochaí sibhialta tacú níos mó le feachtais faisnéise lena gcuirtear béim ar thábhacht an idirphlé shóisialta agus shibhialta. Tá sé sin ríthábhachtach go háirithe chun daoine óga a mhealladh. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh i gcomhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta nó leis na comhpháirtithe sóisialta sna tíortha is iarrthóirí agus sna tíortha comhpháirtíochta.

1.4. Molann CESE gur cheart do na comhpháirtithe sóisialta agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta araon a bheith ina gcomhaltaí de Chomhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta. I stáit nach bhfuil ach na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach in obair na gComhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta atá ann cheana, ba cheart bealaí/ardáin eile le haghaidh an idirphlé shibhialta a bhunú.

2. **Cúlra**

Is colún bunúsach de shamhail Eorpach an rialachais rannpháirtíochta é an t-idirphlé sibhialta agus sóisialta. Le blianta beaga anuas, chuir an t-idirphlé sin go mór le comhdhlúthú na ndaonlathas i mBallstáit an Aontais agus bhí ról ríthábhachtach aige maidir le forbairt shocheacnamaíoch inbhuanaithe, chothrom agus chuimsitheach a chur chun cinn.

2.1. Rinneadh an t-idirphlé sóisialta institiúidithe ar an leibhéal Eorpach a rialú go dlíthiúil tar éis do stáit bhunaidh Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa Conarthaí na Róimhe a shíniú an 25 Márta 1957. Sa bhliain chéanna, mar thoradh ar na conarthaí sin, bunaíodh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE): príomhchomhlacht comhairleach na hEorpa a ceapadh mar 'dhroichead' idir institiúidí an Chomhphobail agus an tsochaí shibhialta eagraithe.

2.2. I dTeideal X den Chonradh (Beartas Sóisialta), déantar tagairt don idirphlé sóisialta agus sibhialta agus don chomhairliúchán le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: Airteagail 151, 152, 153, 154 agus 155. Mar shampla, luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 152: 'Déanann an tAontas ról na gcomhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais a aithint agus a chur chun cinn, agus éagsúlacht na gcóras náisiúnta á cur san áireamh aige. Éascóidh sé an t-agallamh idir na comhpháirtithe sóisialta, agus a neamhspleáchas á urramú aige.'

2.3. De réir mar a thagann feabhas ar an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus na tíortha is iarrthóirí, chomh maith leis na tíortha comhpháirtíochta i réigiúin an oirthir agus an deiscirt, beidh gá leis an idirphlé sibhialta agus sóisialta a neartú mar chuid de na próisis lánpháirtíochta agus chomhair. Cuireadh i bhfáth go láidir i dtuairimí ó CESE roimhe seo gur príomhthoisc é an t-idirphlé sóisialta agus sibhialta struchtúrtha chun go n-éireoidh leis na beartais um fhorbairt, um chomhtháthú sóisialta agus um dhaonlathú sna tíortha sin ([4]).

2.4. *An t-idirphlé sóisialta*

2.5. Is éard is idirphlé sóisialta ann, de réir shainmhíniú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS), gach cineál caibidlíochta, comhairliúcháin nó malartaithe faisnéise arna dhéanamh idir ionadaithe rialtas, eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn, nó ina measc, maidir le saincheisteanna leasa choitinn a bhaineann leis an mbeartas eacnamaíoch agus sóisialta. D'fhéadfadh próiseas tripháirteach a bheith ann, agus an rialtas mar pháirtí amháin, nó d'fhéadfadh caidreamh dépháirteach a bheith ann idir oibrithe agus lucht bainistíochta. Tá ról lárnach ag an idirphlé sóisialta maidir le tionchar a imirt ar bheartais eacnamaíocha, saothair agus shóisialta agus maidir le cóineasú i ndálaí maireachtála agus oibre a chur chun cinn. Uirlis ríthábhachtach den idirphlé sóisialta is ea próiseas na cómhargála arb é is aidhm dó dálaí oibre cuibhiúla agus ceartas san ionad oibre a ráthú.

An t-idirphlé sibhialta

2.6. Cé nár glacadh aon sainmhíniú uilíoch ar an idirphlé sibhialta, aithnítear go forleathan é mar phríomhchuid d'obair eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun a áirithiú go gcloisfear guthanna na saoránach sna próisis chinnteoireachta. Na codanna earnála, trasearnála, agus cothrománacha den idirphlé sibhialta, cuireann siad chun cinn an comhar agus an chuimsitheacht sa rialachas poiblí, rud a chuireann le dlisteanacht agus cuntasacht na mbeartas. Baintear an méid sin amach trí bhíthin dhá ghné chomhlántacha: 1) idirphlé i measc ESSanna d'fhonn a gcuid tuairimí agus saineolais a mhalartú; agus 2) an t-idirphlé struchtúrtha idir ESSanna agus institiúidí rialtais d'fhonn a chinntiú go gcuirtear tuairimí ó éagsúlacht foinsí san áireamh i gceapadh na mbeartas.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. I roinnt mhaith tíortha is iarrthóirí agus tíortha comhpháirtíochta, tá an t-idirphlé sibhialta agus sóisialta fós ilroinnte agus níl rialáil institiúideach ann. Dá dheasca sin, cuirtear isteach ar a gcumas beartais phoiblí chomhleanúnacha agus chuimsitheacha a fhorbairt. In éagmais struchtúir shoiléire institiúideacha, tá rannpháirtíocht na sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta sa chinnteoireacht teoranta agus míchothrom, rud a fhágann go mbíonn easpa muiníne i bpróisis dhaonlathacha agus go méadaíonn ar neamhshuim na saoránach.

3.2. Cuireann CESE i bhfios go láidir go bhfuil idirdhealú soiléir ann idir an t-idirphlé sóisialta, mar a chumhdaítear in Airteagail 151-155 CFAE agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta (eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn), agus an t-idirphlé sibhialta, mar a leagtar amach é in Airteagal 11 CAE, lena n-áirítear raon níos leithne gníomhaithe ón tsochaí shibhialta eagraithe. Comhlánaíonn an dá chineál idirphlé sin a chéile ach tá siad éagsúil ó thaobh cuspóra, gníomhaithe agus creataí institiúideacha de.

3.3. Tá idirphlé sibhialta agus sóisialta atá struchtúrtha agus a bhfuil bonn láidir institiúidithe leo ríthábhachtach chun cobhsaíocht, cuimhne institiúideach, forbairt eacnamaíoch agus comhtháthú sóisialta a áirithiú i dtíortha is iarrthóirí/tíortha comhpháirtíochta. Trí na struchtúir institiúideacha sin a chur chun cinn agus tacú leo, is féidir leis an Aontas Eorpach agus na Ballstáit an ról atá acu mar chomhpháirtí iontaofa a neartú agus tacú le próisis dhaonlathacha sna tíortha sin. A bhuí leis sin beidh an próiseas lánpháirtithe i dteaghlach na hEorpa níos rianúla agus níos inmharthana laistigh de phróisis an mhéadaithe. Cuirfidh sé freisin leis an gcaidreamh a bheidh acu le tíortha comhpháirtíochta eile a bhféadfadh coincheap an idirphlé shibhialta agus shóisialta institiúidithe a bheith ina spreagadh dóibh.

([4]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An t-idirphlé sibhialta agus an daonlathas rannpháirtíochta san Aontas a neartú: conair chun tosaigh (tústuairim arna hiarraidh d'Uachtaránacht na Beilge) (IO C, C/2024/2481, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2481/oj).
Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Rannpháirtíocht na hóige san idirphlé sóisialta agus sibhialta i réigiún na Meánmhara (tuairim féintionscnaimh) (IO C, C/2025/1189, 21.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1189/oj).

3.4. Ina theannta sin, sheol Uachtarán CESE tionscnamh le déanaí chun ról níos gníomhaí a thabhairt do thíortha is iarrthóirí i ngníomhaíochtaí CESE. Is é is aidhm don tionscnamh a áirithiú gur féidir leis na tíortha sin tairbhe a bhaint as saineolas agus taithí Bhallstáit an Aontais, go háirithe maidir le geilleagair iomaíocha a chur chun cinn tríd an idirphlé sóisialta agus trí rannpháirtíocht níos leithne na sochaí sibhialta. Trí thíortha is iarrthóirí a chomhtháthú go luath sna próisis sin, ní hamháin go gcuidíonn CESE lena n-ullmhú do bhallraíocht san Aontas amach anseo, ach tacaíonn sé freisin le geilleagair athléimneacha a chruthú ar féidir leo dul san iomaíocht ar scála domhanda agus ardchaighdeáin shóisialta á gcoinneáil ag an am céanna.

3.5. Sa chomhthéacs sin, tá institiúidiú an idirphlé shibhialta agus shóisialta ina phríomhspreagadh ní hamháin don dul chun cinn sóisialta agus daonlathach, ach don fheidhmíocht eacnamaíoch freisin; cuidíonn sé le tíortha is iarrthóirí agus le tíortha comhpháirtíochta iad féin a chur i gcomhréir le caighdeáin agus cuspóirí iomaíochais an Aontais agus na Náisiún Aontaithe.

3.6. I roinnt tíortha is iarrthóirí nach bhfuil comhlachtaí den sórt sin iontu, tá tús curtha cheana féin leis an bpróiseas chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta nó comhlacht comhchosúil a bhunú ar an leibhéal náisiúnta. Bheadh saineolas CESE agus eagraíochtaí comhchosúla eile sna Ballstáit an-úsáideach chun an anailís ar riachtanais a fhorbairt agus chun bailchríoch a chur ar na próisis reachtacha agus riaracháin a bhaineann leis an struchtúr institiúideach sin.

3.7. Má dhéantar Comhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta a bhunú i dtíortha is iarrthóirí agus i roinnt tíortha comhpháirtíochta, áiteanna nach ann do chomhairlí den sórt sin, d'fhéadfaí comhar méadaithe agus sioncrónú níos fearr a éascú idir gníomhaíochtaí an Aontais agus leasanna na sochaí sibhialta eagraithe sna tíortha sin.

3.8. Mar thoradh ar institiúidiú an idirphlé shóisialta agus shibhialta, caitear le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le comhpháirtithe sóisialta go measúil agus is féidir leo tairbhe a bhaint ar bhealach eagraithe, éifeachtúil agus trédhearcach as acmhainní airgeadais poiblí a leithdháiltear ar phróisis a bhaineann leis an idirphlé sibhialta agus sóisialta ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach nó níos faide i gcéin.

3.9. Trí Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta a chruthú i dtíortha nach ann dóibh, d'fhéadfaí comhlacht de státseirbhísigh ghairmiúla i réimsí áirithe a bhunú a d'fhorbródh tuairimí agus moltaí a d'fhormheasfaí trí chomhthoil pháirtithe na sochaí sibhialta. D'áiritheofaí, ar an gcaoi sin, go gcuirfí feabhas ar dhréachtdhoiciméid arna bhforbairt ag na húdaráis phoiblí agus go seachnófaí díospóidí sóisialta.

3.10. Comhpháirtithe sóisialta (ceardchumainn agus comhlachais fostóirí) agus ionadaithe eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta a bheidh páirteach i gComhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta nó i gcomhlacht comhchosúil eile, bhainfidís tairbhe as an méid seo a leanas:

— comhairliúchán éigeantach maidir le dréachtghníomhartha normatacha sna sainréimsí dá bhforáiltear sa dlí, arna dtionscnamh ag an rialtas, chomh maith le tionscnaimh reachtacha na bhFeisirí;

— anailísí/staidéir a fhorbairt, arna iarraidh sin don rialtas, don pharlaimint nó as a stuaim féin, maidir le réaltachtaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil ar cheart do na rialtais tacaíocht riaracháin agus airgeadais a chur ar fáil dóibh;

— tuairisciú don rialtas nó don pharlaimint maidir le teacht chun cinn feiniméan eacnamaíoch agus sóisialta lena n-éilítear go bhforbrófaí gníomhartha normatacha nua agus/nó go modhnófaí gníomhartha atá ann cheana.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Is féidir an t-idirphlé sóisialta agus sibhialta a institiúidiú i struchtúir eagraíochtúla éagsúla, ach ní mór sainiúlachtaí gach stáit a urramú, leasanna agus mianta na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chur san áireamh, agus na dea-chleachtais ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta sa réimse sin a chur san áireamh.

4.2. Creideann CESE go gcuirtear dlús le comhtháthú na dtíortha is iarrthóirí sa mhúnla sóisialta Eorpach tríd an idirphlé sibhialta agus sóisialta a institiúidiú, sin bunaithe ar ionadaíocht agus éagsúlacht na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ar a rannpháirtí agus atá siad sa chinnteoireacht phoiblí.

4.3. Tugann CESE dá aire go gcuireann Comhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta agus cineálacha eile idirphlé sibhialta agus sóisialta institiúidithe go mór le samhail an rialachais agus an daonlathais rannpháirtíochta a neartú, agus go bhfuil ról ríthábhachtach aige maidir le forbairt shocheacnamaíoch inbhuanaithe, chothrom agus chuimsitheach a chur chun cinn.

4.4. Cuireann CESE i bhfáth go láidir gur gá an t-idirphlé sibhialta agus sóisialta a neartú mar chuid de na próisis lánpháirtíochta agus chomhair idir na tíortha is iarrthóirí agus na Ballstáit. Is príomhthoisc é an t-idirphlé sibhialta agus sóisialta struchtúrtha chun go n-éireoidh leis na beartais um fhorbairt inbhuanaithe, um chomhtháthú sóisialta agus um dhaonlathú sna tíortha sin.

4.5. Is éard atá i gceist leis an idirphlé sóisialta, go háirithe an t-idirphlé sóisialta trípháirteach, idirghníomhaíocht struchtúrtha idir rialtais, eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn, ina ndírítear go príomha ar mhargadh an tsaothair, ar dhálaí oibre agus ar bheartais eacnamaíocha. Os a choinne sin, cuimsíonn an t-idirphlé sibhialta raon níos leithne gníomhaithe. Mar chuid de sin, bíonn eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) rannpháirteach i bpróiseas rialachais rannpháirtíochta i dteannta trí phríomh-gheallsealbhóir eile: na húdaráis phoiblí, institiúidí polaitiúla agus, i gcásanna áirithe, gníomhaithe eacnamaíocha agus sóisialta. Cé go bhfuil siad éagsúil ó chéile, tá an dá chineál idirphlé sin comhlántach agus is colúin fhíor-riachtanacha iad den dlisteanacht dhaonlathach agus den cheapadh beartas cuimsitheach laistigh den Aontas.

4.6. Le comhairliúchán institiúidithe agus struchtúrtha, áirithítear síocháin shóisialta agus timpeallacht shóisialta agus eacnamaíoch fhabhrach don fhorbairt agus don nuachóiriú i dtíortha is iarrthóirí agus i dtíortha comhpháirtíochta, trí theannas sóisialta carntha a mhaolú trí idirphlé agus trí chaibidlíocht, agus trí na dálaí a chruthú chun creat institiúideach agus dlíthiúil intuartha a bhunú agus a choinneáil ar bun do shaoránaigh agus do ghníomhaithe eacnamaíocha sa tír agus ar an gcoigríoch.

4.7. Tugann CESE dá aire, tríd an idirphlé institiúideach sibhialta agus sóisialta a chomhtháthú i ngach cinneadh reachtach agus beartais phoiblí a bhfuil tionchar suntasach sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil aige, go n-áirithítear go ndéantar ionadaíocht ar leasanna éagsúla sa tsochaí: FBManna, infheisteoirí eachtracha, cuideachtaí poiblí, fostaithe, an tsochaí shibhialta agus pobail áitiúla.

4.8. A bhuí leis na Comhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta, is fearr is féidir leis na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a dhéanann ionadaíocht ar leasanna éagsúla, teacht ar chomhthuiscint agus ar chomhréiteach trí bhíthin na caibidlíochta agus an idirphlé agus foghlaimíonn siad an chaoi lena dtuairimí a chaibidliú agus a chothromú le go dtiocfaidh siad ar dhearcadh coiteann le cinnteoirí eile.

4.9. I gcás go mbunófar Comhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta i dtíortha nach ann dóibh, neartófar ról agus áit na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa chaidreamh comhairliúcháin agus comhpháirtíochta le rialtais na dtíortha is iarrthóirí agus na dtíortha comhpháirtíochta, trína cheangal orthu dul i gcomhairle maidir le gach tionscadal reachtach agus beartais phoiblí a bhfuil tionchar suntasach sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil aige agus a dtuairim a lorg ina leith.

4.10. Ar an gcaoi chéanna, beidh ar na comhpháirtithe sóisialta ionadaíocha agus ar na heagraíochtaí sochaí sibhialta ionadaíocha a gcuid scileanna féin a fhorbairt maidir le hanailís a dhéanamh ar bheartais phoiblí agus tuairimí, leasuithe agus beartais phoiblí mhalartacha a cheapadh chun a gcearta institiúidithe nua a chomhlíonadh.

4.11. Molann CESE do thíortha is iarrthóirí agus do thíortha comhpháirtíochta critéir shoiléire thrédhearcacha a shainiú chun ionadaithe a roghnú don idirphlé sibhialta agus sóisialta, lena n-áirítear sásraí uainíochta, bearta cuntasachta poiblí agus measúnuithe rialta ar ionadaíochas, chun dlisteanacht, inchreidteacht agus éagsúlacht a áirithiú.

4.12. I ndáil leis an méid sin, ba cheart cistí réamhaontachais Eorpacha a leithdháileadh chun tacú le sásraí struchtúrtha don idirphlé sibhialta agus sóisialta a institiúidiú agus a oibríochtú. Ba cheart an cistiú a dhíriú ar fhorbairt na gcreataí riaracháin agus rialála is gá le haghaidh rialachas rannpháirteach agus ceapadh beartas cuimsitheach, lena n-áirítear fios gnó agus taithí maidir le struchtúir idirphlé dhaonlathaigh agus próisis beartais phoiblí a aistriú ó CESE, ó Chomhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta náisiúnta agus ó chomhlachtaí comhchosúla sna Ballstáit chuig a gcontrapháirtithe sna tíortha is iarrthóirí agus i dtíortha comhpháirtíochta. Níor cheart príomhoibríochtaí na gcomhpháirtithe sóisialta ná eagraíochtaí na sochaí sibhialta a mhaoiniú le go gcaomhnófar a n-uathriail agus a neamhspleáchas.

4.13. Ní mór cláir a fhorbairt freisin chun muinín fhrithpháirteach a chothú idir comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha a bhfuil baint acu leis an idirphlé sibhialta agus sóisialta. An comhlacht saineolaithe a fhostaítear i riarachán na gComhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta agus struchtúrú na gníomhaíochta ina rannóga speisialaithe, cuirfidh sé le héifeachtúlacht ghníomhaíocht na n-institiúidí comhairleacha sin.

4.14. Ba é CESE an chéad chomhlacht Eorpach a thosaigh go hoifigiúil ar pháirt a thabhairt do thíortha is iarrthóirí ina chuid oibre, agus ar an gcaoi sin dea-shampla a thabhairt d'institiúidí eile de chuid an Aontais. Maidir leis an teideal 'Comhalta as na Tíortha is Iarrthóirí', is teideal oinigh é sin ina léirítear tacaíocht agus breithniú d'ionadaithe na sochaí sibhialta ó thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas, gan stádas mar chomhalta de CESE a thabhairt dóibh.

4.15. Má bhunaítear go luath Comhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta nó comhlachtaí comhchosúla, i stáit nach ann dóibh cheana féin, agus má bhíonn ionadaithe na sochaí sibhialta rannpháirteach sa phróiseas aontachais/sna meithleacha caibidlíochta, cuirfear le luas an phróisis caibidlíochta maidir le haontachas na dtíortha is iarrthóirí leis an Aontas go háirithe maidir le dhá chnuasach de na caibidlí caibidlíochta, mar atá: Na Bunphrionsabail (na caibidlí dar teideal 'Na breithiúna agus cearta bunúsacha' agus 'Ceartas, saoirse agus slándáil') agus Iomaíochas agus fás cuimsitheach (caibidlí maidir le 'Fiontair agus beartas tionsclaíoch' agus 'Beartas sóisialta agus fostaíocht').

4.16. Ceaptar deiseanna cistiúcháin do thíortha is iarrthóirí agus é d'aidhm aige sin tacú le hathchóirithe sistéamacha móra a chur chun feidhme, atá dírithe go príomha ar Bhunphrionsabail Chnuasach 1. Tá baint ag feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha freisin le trédhearcacht i rialachas agus i gcomhairliúcháin/rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta i bpróiseas an lánpháirtithe san Aontas, agus tá an dá rud sin mar chuid de na cuspóirí maidir le hidirphlé sibhialta agus sóisialta a institiúidiú.

4.17. I gcomhréir le prionsabal comhpháirtíochta an Aontais agus le cuspóirí sóisialta agus eacnamaíocha na bpleananna fáis do thíortha is iarrthóirí, áitíonn CESE nach mór do na comhpháirtithe sóisialta agus don tsochaí shibhialta a bheith rannpháirteach i gceapadh, i gcur chun feidhme, i monatóireacht agus meastóireacht na gclár oibre um athchóiriú ar bhealach tráthúil fóinteach ([5]).

4.18. Molann CESE nach mór achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin a áireamh sna cláir oibre um athchóiriú, ina léireofar an chaoi ar léiríodh ionchur na bpáirtithe leasmhara, i gcomhréir leis an tuairim uaidh in 2024 maidir leis an bPlean Fáis Nua agus an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar.

4.19. Cuireann CESE i bhfáth, maidir le hinstitiúidiú an idirphlé shibhialta agus shóisialta i bhfoirm Comhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta i dtíortha is iarrthóirí agus i dtíortha comhpháirtíochta, nach bhfuil sin ag glacadh ionad an idirphlé shóisialta thrípháirtigh idir rialtais, fostóirí agus ceardchumainn maidir le margadh an tsaothair (pá agus dálaí oibre) i bhfoirm coistí nó comhairlí trípháirteacha um idirphlé sóisialta ar an leibhéal críochach agus náisiúnta.

An Bhruiséil, an 17 Iúil 2025.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([5]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An bealach a réiteach d'aontachas na mBalcán Thiar leis an Aontas (tústuairim) (IO C, C/2024/6872, 28.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6872/oj).